RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1927 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Deireadh Fómhair 2022

lena mbunaítear bearta chun *Aleurocanthus spiniferus* (Quaintance) a imshrianadh laistigh de limistéir chríochaithe áirithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (d) agus (e), agus Airteagal 28(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([2]), i gCuid B d'Iarscríbhinn II, leagtar síos an liosta lotnaidí coraintín de chuid an Aontais is eol a bheith ann i gcríoch an Aontais.

(2) Tá *Aleurocanthus spiniferus* (Quaintance) ("an lotnaid shonraithe") san áireamh sa liosta sin, mar is eol go mbíonn sé ann i gcodanna áirithe de chríoch an Aontais. Is lotnaid pholafagach í a thuairiscítear go bhfuil tionchar aici ar roinnt barra agus plandaí ornáideacha i gcríoch an Aontais ("na plandaí sonraithe").

(3) Léirítear leis na suirbhéanna a rinneadh de bhun Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 nach bhfuil sé indéanta a thuilleadh an lotnaid shonraithe a dhíothú ó limistéir chríochaithe áirithe.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart bearta a bhunú chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh laistigh de na limistéir sin, limistéir ina mbeidh criosanna inmhíolaithe agus criosanna maolánacha. Tá na bearta sin i gcomhréir leis an bhfianaise theicniúil agus eolaíoch atá ar fáil maidir leis na plandaí sonraithe.

(5) Ba cheart do na húdaráis inniúla feasacht an phobail a mhúscailt chun a áirithiú go mbeidh an pobal i gcoitinne agus oibreoirí gairmiúla a mbaineann na bearta imshrianta sna limistéir chríochaithe leo ar an eolas faoi na bearta atá curtha i bhfeidhm agus faoi theorannú na limistéar críochaithe chun na críche sin.

(6) Mar sin féin, má aimsítear an lotnaid shonraithe i gcrios maolánach timpeall ar chrios inmhíolaithe atá faoi réir bearta chun an lotnaid shonraithe a imshrianadh, ba cheart don údarás inniúil limistéar críochaithe nua a bhunú dá thoradh sin, limistéar ina dtabharfaí faoi dhíothú.

(7) Suirbhéanna bliantúla ar láithreacht na lotnaide sonraithe, mar a leagtar amach in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231 ón gCoimisiún ([3]), ba cheart iad a dhéanamh chun a áirithiú go mbraithfear an lotnaid shonraithe go luath i limistéir de chríoch an Aontais nach eol an lotnaid shonraithe a bheith i láthair iontu.

(8) Ba cheart na suirbhéanna sin a bheith bunaithe ar an gcárta suirbhé lotnaide maidir leis an lotnaid shonraithe arna fhoilsiú ag an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, toisc go gcuirtear san áireamh ann na forbairtí eolaíochta agus teicniúla is déanaí.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231 ón gCoimisiún an 27 Lúnasa 2020 maidir leis an bhformáid agus na treoracha le haghaidh na dtuarascálacha bliantúla ar thorthaí na suirbhéanna agus maidir le formáid na gclár ilbhliantúil suirbhéireachta agus na socruithe praiticiúla, dá bhforáiltear faoi seach in Airteagail 22 agus 23 de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 280, 28.8.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Bunaítear leis an Rialachán seo bearta chun *Aleurocanthus spiniferus* (Quaintance) a imshrianadh laistigh de na limistéir chríochaithe nach féidir é a dhíothú uathu.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "an lotnaid shonraithe" *Aleurocanthus spiniferus* (Quaintance);

(2) ciallaíonn "na plandaí sonraithe" plandaí *Citrus* L., *Fortunella* Swingle, *Poncirus* Raf., le haghaidh plandú agus a hibridí *Ceratonia siliqua* L., *Cercis siliquastrum* L., *Clematis vitalba* L., *Cotoneaster* Medik., *Crategus* L., *Cydonia oblonga* L., *Diospyros kaki* L., *Eriobotrya japonica* (Thunb.) Lindl., *Ficus carica* L., *Hedera* L., *Magnolia* L., *Malus* Mill., *Melia* L., *Mespilus germanica* L., *Myrtus communis* L., *Parthenocissus* Planch., *Photinia* Lindley., *Prunus cerasus* L., *Prunus laurocerasus* L., *Psidium guajava* L., *Punica granatum* L., *Pyracantha* M. Roem., *Pyrus* L., *Rosa* L., *Vitis* L., *Wisteria* Nutt., seachas síolta, pailin agus plandaí i saothrán fíocháin;

(3) ciallaíonn "an limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh" limistéar a liostaítear in Iarscríbhinn I, limistéar nach féidir an lotnaid shonraithe a dhíothú uaidh;

(4) ciallaíonn "an cárta suirbhé lotnaide" an foilseachán "Pest survey card on *Aleurocanthus spiniferus* and *Aleurocanthus woglumi* [Cárta suirbhé lotnaide maidir le *Aleurocanthus spiniferus* agus *Aleurocanthus woglumi*]" de chuid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ([4]).

Airteagal 3

Limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh a bhunú

Bunóidh na húdaráis inniúla na limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh na lotnaide sonraithe, limistéir ina mbeidh crios inmhíolaithe agus crios maolánach a bhfuil leithead 2 km ar a laghad aige timpeall an chreasa inmhíolaithe.

Airteagal 4

Bearta laistigh de na limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh

1. Sna criosanna inmhíolaithe, áiritheoidh na húdaráis inniúla go ndéanfar ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:

(a) rialú bitheolaíoch na lotnaide sonraithe, amhail le seadánóidigh;

(b) cóireálacha iomchuí i gcoinne na lotnaide sonraithe;

(c) bearradh agus scriosadh na gcodanna de na plandaí sonraithe atá inmhíolaithe leis an lotnaid shonraithe, tar éis na cóireálacha dá bhforáiltear i bpointe (b) a chur i bhfeidhm;

(d) gaisteoireacht na lotnaide sonraithe, agus, má bhraitear an lotnaid shonraithe, cóireálacha iomchuí a chur i bhfeidhm.

2. I gcás ina ndeimhnítear go hoifigiúil go bhfuil an lotnaid shonraithe ann sa chrios maolánach, beidh feidhm ag Airteagail 17 agus 18 de Rialachán (AE) 2016/2031.

3. Laistigh de na limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh, déanfaidh na húdaráis inniúla feasacht an phobail a mhúscailt maidir le bagairt na lotnaide sonraithe agus maidir leis na bearta a ghlacfar chun a leathadh lasmuigh de na limistéir sin a chosc.

Cuirfidh na húdaráis inniúla an pobal i gcoitinne agus na hoibreoirí gairmiúla ar an eolas faoi theorannú an limistéir chríochaithe le haghaidh imshrianadh.

([4]) EFSA (an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia), 2019. Cárta suirbhé lotnaidí maidir le *Aleurocanthus spiniferus* agus *Aleurocanthus woglumi*. Foilseachán tacaíochta EFSA 2019:EN-1565. 17 lgh. doi:10.2903/sp.efsa.2019.EN-1565. Le fáil ar líne: https://arcg.is/u5DTL

Airteagal 5

Suirbhéanna

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla na suirbhéanna dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3, agus an fhaisnéis dá dtagraítear ar an gcárta suirbhé lotnaide á cur san áireamh.

2. Déanfaidh siad suirbhéanna rioscabhunaithe bliantúla ar láithreacht na lotnaide sonraithe i limistéir de chríoch an Aontais nach eol an lotnaid shonraithe a bheith i láthair iontu ach ina bhféadfadh sí a bheith bunaithe.

3. I gcriosanna maolánacha na limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh, déanfaidh siad suirbhéanna bliantúla, dá dtagraítear in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) 2016/2031, chun láithreacht na lotnaide sonraithe a bhrath.

Áireofar sna suirbhéanna sin:

(a) scrúduithe amhairc, ag amanna iomchuí, chun an lotnaid shonraithe nó a siomptóim a bhrath;

(b) gaisteoireacht;

(c) sampláil agus tástáil, i gcás ina bhfuil plandaí ann a léiríonn siomptóim na lotnaide sonraithe nó a léiríonn go bhfuil siad inmhíolaithe leis an lotnaid sin.

Beidh na suirbhéanna sin níos déine ná na suirbhéanna dá dtagraítear i mír 2, agus déanfar níos mó scrúduithe amhairc agus gaisteoireachta agus, i gcás inarb iomchuí, sampláil agus tástáil mar chuid de na suirbhéanna sin.

Airteagal 6

Tuairisciú

Faoin 30 Aibreán gach bliain, cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid na mBallstát eile torthaí na suirbhéanna a rinneadh, sa bhliain féilire roimhe sin, de bhun:

(a) Airteagal 5(2) den Rialachán seo, agus úsáid á baint as ceann de na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1231;

(b) Airteagal 5(3) den Rialachán seo, agus úsáid á baint as ceann de na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 7

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Deireadh Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Liosta na limistéar críochaithe le haghaidh imshrianadh dá dtagraítear in Airteagal 2

1. **An Chróit**

Uimhir an limistéir chríochaithe (DA)	Crios an DA	Réigiún	Bardasachtaí nó teorannuithe riaracháin/geografacha eile	
			Bardasacht	*Bardasacht chadastrach*
1.	Crios inmhíolaithe	Contae Dubrovnik Neretva	Konavle	Vitaljina, Ljuta, Đurinići
	Crios maolánach	Contae Dubrovnik Neretva	Konavle	Pločice, Pavlje Brdo, Vodovađa, Dubravka, Dunave, Popovići, Gruda, Lovorno, Pridvorje, Zastolje, Radovčići, Kuna Konavoska
2.	Crios inmhíolaithe	Contae Split Dalmatia	Jelsa	Vrisnik
			Milna	Milna
	Crios maolánach	Contae Split Dalmatia	Jelsa	Jelsa, Pitve, Vrbanj, Dol, Stari Grad, Svirče, Vrbovska
			Šolta	Gornje Selo
			Milna	Bobovišća
			Nerežišća	Nerežišća, Dračevica
			Sutivan	Sutivan

2. **An Ghréig**

Uimhir an limistéir chríochaithe (DA)	Crios an DA	Réigiún	Bardasachtaí nó teorannuithe riaracháin/geografacha eile
1.	Crios inmhíolaithe	Na hOileáin Iónacha	Corfú ([1])

([1]) Níl crios maolánach ann ós rud é gur crios inmhíolaithe an t-oileán ar fad.

IARSCRÍBHINN II

Teimpléid chun torthaí na suirbhéanna arna ndéanamh de bhun Airteagal 5(3) a thuairisciú

CUID A

1. **Teimpléad chun torthaí na suirbhéanna bliantúla a thuairisciú**

1. Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (DA)		**2. Méid tosaigh an DA (ha)**	**3. Méid cothrom le dáta an DA (ha)**	**4. Cur chuige**	**5. Crios**	**6. Láithreáin suirbhé**		**7. Limistéir riosca a sainaithníodh**	**8. Limistéir riosca a ndearnadh cigireacht orthu**	**9. Ábhar plandaí/Tráchtearra**	**10. Liosta de speicis na bplandaí óstacha**	**11. Uainiú**	**12. Sonraí an tsuirbhé**									**13. An líon samplaí a ndearnadh anailís orthu agus a raibh siomptóim orthu:** i: Iomlán ii: Deimhneach iii: Diúltach iv: Neamhchinntithe				**14. An líon samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach raibh siomptóim orthu:** i: Iomlán ii: Deimhneach iii: Diúltach iv: Neamhchinntithe				**15. Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715**		**16. Nótaí**
Ainm	**Dáta a bhunaithe**					**Tuairisc**	**Uimhir**						A) An líon scrúduithe amhairc	B) An líon iomlán samplaí a tógadh	C) Cineálacha gaistí (nó modh malartach eile (e.g. líonta scuabtha))	D) An líon gaistí (nó modh gabhála eile)	E) An líon láithreán gaisteoireachta, nuair nach ionann iad agus na sonraí arna dtuairisciú in (D)	F) Cineál tástálacha (e.g. sainaithint mhicreascópach, PCR, ELISA, etc.)	G) An líon iomlán tástálacha	H) Bearta eile (e.g. madraí bolaíochta, ladrainn, héileacaptair, feachtais ardaithe feasachta etc.)	I) An líon beart eile														**Uimhir**	**Dáta**	
													A	**B**	**C**	**D**	**E**	**F**	**G**	**H**	**I**	i	ii	iii	iv	i	ii	iii	iv			

2. **Treoracha maidir leis an teimpléad a líonadh isteach**

Má líontar isteach an teimpléad seo, níl an teimpléad i gCuid B den Iarscríbhinn seo le líonadh isteach.

Le haghaidh cholún 1:	Sonraigh ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (DA) sin a shainaithint mar aon le dáta a bhunaithe.
Le haghaidh cholún 2:	Sonraigh méid an DA roimh thús an tsuirbhé.
Le haghaidh cholún 3:	Sonraigh méid an DA i ndiaidh an tsuirbhé.
Le haghaidh cholún 4:	Sonraigh an cur chuige: Imshrianadh. Cuir isteach an oiread rónna is gá, de réir an líon DAnna i leith gach lotnaide agus na gcineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.
Le haghaidh cholún 5:	Sonraigh crios an DA ina ndearnadh an suirbhé, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá: Crios inmhíolaithe (IZ) nó crios maolánach (BZ), i rónna ar leith. I gcás inarb infheidhme, sonraigh limistéar an BZ ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh in aice leis an IZ, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.
Le haghaidh cholún 6:	Sonraigh uimhir na láithreán suirbhé agus an tuairisc orthu, trí cheann de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú i gcomhair na tuairisce: 1. Faoin aer (limistéar táirgthe): 1.1. gort (arúil, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois; 2. Faoin aer (eile): 2.1. gairdín príobháideach; 2.2. láithreáin phoiblí; 2.3. limistéar caomhnaithe; 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad; 2.5. eile, le sonrú an cháis ar leith (e.g. ionad garraíodóireachta, suíomhanna tráchtála ina mbaintear úsáid as ábhar pacáistíochta adhmaid, an tionscal adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála, etc.); 3. Dálaí atá dúnta go fisiciúil: 3.1. teach gloine; 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, le sonrú an cháis ar leith (e.g. ionad garraíodóireachta, suíomhanna tráchtála ina mbaintear úsáid as ábhar pacáistíochta adhmaid, an tionscal adhmaid).
Le haghaidh cholún 7:	Sonraigh cad iad na limistéir riosca a sainaithníodh ar bhonn bhitheolaíocht na lotnaide/na lotnaidí, láithreacht plandaí óstacha, dálaí éicea-aeráide agus suíomhanna riosca.
Le haghaidh cholún 8:	Sonraigh na limistéir riosca a áirítear sa suirbhé, as measc na limistéar a shainaithnítear i gcolún 7.
Le haghaidh cholún 9:	Sonraigh plandaí, torthaí, síolta, ithir, ábhar pacáistíochta, adhmad, innealra, feithiclí, uisce, eile, agus sonraigh an cás áirithe.
Le haghaidh cholún 10:	Sonraigh liosta na speiceas/na ngéineas plandaí a ndearnadh suirbhé orthu, agus úsáid á baint as ró amháin in aghaidh an speicis/an ghéinis planda.
Le haghaidh cholún 11:	Sonraigh míonna na bliana ina ndearnadh an suirbhé.
Le haghaidh cholún 12:	Sonraigh sonraí an tsuirbhé, de réir na gceanglas dlíthiúil sonrach i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B an cás nach bhfuil an fhaisnéis i gcolún áirithe infheidhme.
I gcás cholúin 13 agus 14:	Sonraigh na torthaí, más infheidhme, agus soláthair sna colúin chomhfhreagracha an fhaisnéis atá ar fáil. Is éard is "neamhchinntithe" ann na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g. faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte — neamh-shainaitheanta, sean).
Le haghaidh cholún 15:	Sonraigh fógraí ráigeanna na bliana ina ndearnadh an suirbhé le haghaidh torthaí sa BZ. Ní gá uimhir fógartha ráige a chur isteach i gcás inar chinn an t-údarás inniúil go bhfuil an toradh ar cheann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagail 14(2), 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031. Sa chás sin, sonraigh an chúis nach dtugtar an fhaisnéis sin i gcolún 16 ("Nótaí").

CUID B

1. **Teimpléad chun tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí na suirbhéanna bliantúla a dhéantar ar bhonn staidrimh**

1. Tuairisc ar an Limistéar Críochaithe (DA)		2. Méid tosaigh an DA (ha)	3. Méid cothrom le dáta an DA (ha)	4. Cur chuige	5. Crios	6. Láithreáin suirbhé		7. Uainiú	A. Sainiú an tsuirbhé (paraiméadair ionchuir le haghaidh RiBESS+)												B. Iarracht samplála							C. Torthaí an tsuirbhé							25. Nótaí
Ainm	Dáta a bhunaithe					Tuairisc	Uimhir		8. Spriocphobal			9. Aonaid eipidéimeolaíocha		10. Modhanna braite				11. Éifeachtacht samplála	12. Íogaireacht an mhodha	13. Tosca riosca (gníomhaíochtaí, suíomhanna agus limistéir)					14. An líon aonad eipidéimeolaíochta a ndearnadh cigireacht orthu	15. An líon scrúduithe amhairc	16. An líon samplaí	17. An líon gaistí	18. An líon láithreán gaisteoireachta	19. An líon tástálacha	20. An líon beart eile	21. Torthaí			22. Uimhir fógartha na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715		23. An leibhéal muiníne a baineadh amach	24. Leitheadúlacht dearaidh	
									Speiceas óstach	Achar (ha nó aonad eile atá níos ábhartha)	Aonaid chigireachta	Tuairisc	Aonaid	Scrúduithe amhairc	Gaisteoireacht	Tástáil	Modhanna eile			Toisc riosca	Leibhéil riosca	An líon suíomhanna	Rioscaí coibhneasta	Cion an phobail óstaigh							Deimhneach	Diúltach	Neamhchinntithe	Uimhir	Dáta			

2. **Treoracha maidir leis an teimpléad a líonadh isteach**

Má líontar isteach an teimpléad seo, níl an teimpléad i gCuid A den Iarscríbhinn seo le líonadh isteach.

Mínigh na toimhdí bunúsacha le haghaidh dhearadh an tsuirbhé i leith gach lotnaide. Déan achoimre orthu seo a leanas agus tabhair údar leo:

— an spriocphobal, an t-aonad eipidéimeolaíoch agus na haonaid chigireachta,

— an modh braite agus íogaireacht an mhodha,

— an toisc riosca nó na tosca riosca, agus léirigh na leibhéil riosca agus rioscaí coibhneasta comhfhreagracha agus cion coibhneasta comhfhreagrach an phobail plandaí óstacha.

Le haghaidh cholún 1: Sonraigh ainm an limistéir gheografaigh, uimhir na ráige nó aon fhaisnéis lenar féidir an limistéar críochaithe (DA) sin a shainaithint mar aon le dáta a bhunaithe.

Le haghaidh cholún 2: Sonraigh méid an DA roimh thús an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 3: Sonraigh méid an DA i ndiaidh an tsuirbhé.

Le haghaidh cholún 4: Sonraigh an cur chuige: Imshrianadh. Cuir isteach an oiread rónna is gá, de réir an líon DAnna i leith gach lotnaide agus na gcineálacha cur chuige a bhfuil na limistéir sin faoina réir.

Le haghaidh cholún 5: Sonraigh crios an DA ina ndearnadh an suirbhé, agus úsáid á baint as an oiread rónna agus is gá: Crios inmhíolaithe (IZ) nó crios maolánach (BZ), i rónna ar leith. I gcás inarb infheidhme, sonraigh limistéar an BZ ina ndearnadh an suirbhé (e.g. an 20 km deiridh in aice leis an IZ, thart timpeall ar phlandlanna, etc.) i rónna éagsúla.

Le haghaidh cholún 6: Sonraigh uimhir na láithreán suirbhé agus an tuairisc orthu, trí cheann de na hiontrálacha seo a leanas a roghnú i gcomhair na tuairisce:
1. Faoin aer (limistéar táirgthe): 1.1. gort (arúil, féarach); 1.2. úllord/fíonghort; 1.3. plandlann; 1.4. foraois;
2. Faoin aer (eile): 2.1. gairdíní príobháideacha; 2.2. láithreáin phoiblí; 2.3. limistéar caomhnaithe; 2.4. plandaí fiáine i limistéir nach limistéir chaomhnaithe iad; 2.5. eile, le sonrú an cháis ar leith (e.g. ionaid gharraíodóireachta, suíomhanna tráchtála ina mbaintear úsáid as ábhar pacáistíochta adhmaid, an tionscal adhmaid, bogaigh, gréasán uisciúcháin agus draenála, etc.);
3. Dálaí atá dúnta go fisiciúil: 3.1. teach gloine; 3.2. láithreán príobháideach, seachas teach gloine; 3.3. láithreán poiblí, seachas teach gloine; 3.4. eile, le sonrú an cháis ar leith (e.g. ionaid gharraíodóireachta, suíomhanna tráchtála ina mbaintear úsáid as ábhar pacáistíochta adhmaid, an tionscal adhmaid).

Le haghaidh cholún 7: Sonraigh na míonna den bhliain ina ndearnadh na suirbhéanna.

Le haghaidh cholún 8: Sonraigh an spriocphobal a roghnaíodh agus soláthair dá réir liosta na speiceas/géineas agus an limistéar a cumhdaíodh. Sainmhínítear an spriocphobal mar iomlán na n-aonad cigireachta. De ghnáth, le haghaidh limistéir talmhaíochta sainítear a mhéid i heicteáir, ach d'fhéadfadh gabháltais, goirt, tithe gloine, etc. a bheith i gceist. Tabhair bonn cirt leis an rogha sna toimhdí foluiteacha. Sonraigh na haonaid chigireachta a ndearnadh suirbhé orthu. Ciallaíonn "aonad cigireachta" plandaí, codanna plandaí, tráchtearraí, ábhair, veicteoirí lotnaide a ndearnadh grinnscrúdú orthu chun na lotnaidí a shainaithint agus a bhrath.

Le haghaidh cholún 9: Sonraigh na haonaid eipidéimeolaíocha a ndearnadh suirbhé orthu, mar aon lena dtuairisc agus a n-aonad tomhais. Ciallaíonn "aonad eipidéimeolaíoch" limistéar aonchineálach ina mbeadh an eipidéimeolaíocht chéanna ina toradh ar na hidirghníomhaíochtaí idir an lotnaid, na plandaí óstacha agus na tosca agus na dálaí aibitheacha agus bitheacha, dá mba ann don lotnaid. Is fo-rannán den spriocphobal iad na haonaid eipidéimeolaíocha atá ar aon chineál ó thaobh na heipidéimeolaíochta de le planda óstach amháin ar a laghad. I gcásanna áirithe, féadfar an pobal óstach iomlán i réigiún/limistéar/tír a shainiú mar aonad eipidéimeolaíoch. D'fhéadfadh sé gur réigiúin iad um aicmiú comhchoiteann na n-aonad críche maidir le staidreamh (NUTS), limistéir uirbeacha, foraoisí, gairdíní róis nó feirmeacha, nó heicteáir. Tabharfar bonn cirt leis an rogha sna toimhdí foluiteacha.

Le haghaidh cholún 10:	Sonraigh na modhanna a úsáideadh le linn an tsuirbhé, lena n-áirítear an líon gníomhaíochtaí i ngach cás, de réir na gceanglas dlíthiúil sonrach i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B an cás nach bhfuil fáil ar an bhfaisnéis i gcolún áirithe.
Le haghaidh cholún 11:	Sonraigh meastachán ar éifeachtacht na samplála. Ciallaíonn éifeachtacht na samplála an dóchúlacht go roghnófaí codanna plandaí ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe. I gcás veicteoirí, is é atá inti éifeachtacht an mhodha chun veicteoir deimhneach a ghabháil nuair is ann dó i limistéar an tsuirbhé. I gcás ithreach, is é atá inti an éifeachtacht a bhaineann le sampla ithreach ina bhfuil an lotnaid a roghnú nuair a bhíonn an lotnaid i láthair sa limistéar suirbhé.
Le haghaidh cholún 12:	Ciallaíonn "íogaireacht an mhodha" an dóchúlacht i leith modha go mbraithfí láithreacht lotnaide i gceart. Sainmhínítear íogaireacht an mhodha mar an dóchúlacht gur toradh deimhneach a bheadh ar thástáil ar óstach atá deimhneach i ndáiríre. Is é atá inti éifeachtacht na samplála (i.e. an dóchúlacht go roghnófar codanna plandaí ionfhabhtaithe ó phlanda ionfhabhtaithe) arna hiolrú faoin íogaireacht dhiagnóiseach (arna saintréithiú tríd an gcigireacht amhairc agus/nó an tástáil saotharlainne a úsáidtear sa phróiseas sainaitheantais).
Le haghaidh cholún 13:	Soláthair na tosca riosca i rónna éagsúla, agus úsáid á baint as an oiread rónna is gá. I gcás gach toisce riosca, sonraigh an leibhéal riosca agus riosca agus cion coibhneasta comhfhreagrach an phobail óstaigh.
Le haghaidh cholún B:	Sonraigh sonraí an tsuirbhé, de réir na gceanglas dlíthiúil sonrach i leith gach lotnaide. Sonraigh le N/B an cás nach bhfuil an fhaisnéis i gcolún áirithe infheidhme. Baineann an fhaisnéis atá le soláthar sna colúin seo leis an bhfaisnéis a áirítear i gcolún 10 "Modhanna braite".
Le haghaidh cholún 18:	Sonraigh an líon láithreáin ghaisteoireachta i gcás ina bhfuil an líon sin éagsúil leis an líon gaistí (Colún 17) (e.g. úsáidtear an gaiste céanna in áiteanna éagsúla).
Le haghaidh cholún 21:	Sonraigh an líon samplaí a fuarthas a bhí deimhneach, diúltach nó neamhchinntithe. Ciallaíonn "neamhchinntithe" na samplaí anailísithe sin nach bhfuarthas aon toradh ina leith mar gheall ar thosca éagsúla (e.g méid faoi bhun an leibhéil braite, sampla neamhphróiseáilte — sampla neamh-shainaitheanta, seansampla etc.).
Le haghaidh cholún 22:	Sonraigh fógraí ráigeanna na bliana ina ndearnadh an suirbhé le haghaidh torthaí sa chrios maolánach. Ní gá uimhir fógra na ráige a chur isteach nuair a bheidh cinneadh déanta ag an údaráis inniúil gur ceann de na cásanna dá dtagraítear in Airteagail 14(2), 15(2) nó Airteagal 16 de Rialachán (AE) 2016/2031 atá i gceist leis an toradh. Sa chás sin, sonraigh an chúis nach dtugtar an fhaisnéis sin i gcolún 25 ("Nótaí").
Le haghaidh cholún 23:	Sonraigh íogaireacht an tsuirbhé, mar a shainmhínítear sa Chaighdeán Idirnáisiúnta maidir le Bearta Fíteashláintíochta (ISPM 31). Luach sin an leibhéil muiníne a bhaintear amach maidir le saoirse ó lotnaidí, déantar é a ríomh ar bhonn na scrúduithe (agus/nó samplaí) a dhéantar i bhfianaise íogaireacht an mhodha agus na leitheadúlachta dearaidh.
Le haghaidh cholún 24:	Sonraigh an leitheadúlacht dearaidh ar bhonn meastachán a rinneadh roimh an suirbhé ar leitheadúlacht dhóchúil iarbhír na lotnaide ar an láthair. Socraítear an leitheadúlacht dearaidh mar sprioc de chuid an tsuirbhé agus freagraíonn sí don chomhréiteach atá á dhéanamh ag na bainisteoirí riosca idir an riosca go mbeidh an lotnaid ann agus na hacmhainní atá ar fáil don suirbhé. De ghnáth, socraítear luach 1 % le haghaidh suirbhé braite.